



An tÚDARÁS RIALÁLA SEIRBHÍSÍ DLÍ
TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2016



Réamhrá leis an gCathaoirleach

Cuireann sé áthas orm an chéad tuarascáil den Údarás Rialála Seirbhísí Dlí, údarás nuabhunaithe, a chur in bhur láthair. Níl an tÚdarás ach ina thús agus tá i gceist aige cur lena chuid acmhainní d'fhonn is go mbeidh ar a chumas feidhmiú go hiomlán.

Thosaigh an tÚdarás a chuid oibre amach i mí Dheireadh Fómhair 2016 gan aon fhoireann ná aon áitreabh agus le tacaíocht eatramhach riaracháin ón Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais. Le héifeacht ón 1 Eanáir 2017, tá Renee Dempsey, Uasal, ceaptha ina Príomhfheidhmeannach againn ar bhonn eatramhach amháin chun an chéim thionscnaimh a bhrú chun cinn. Tá taithí ag an Uasal Dempsey ar bheith ina Príomhfheidhmeannach cheana. Tá an tUasal Ultan Ryan ceaptha ina Rúnaí ag an Údarás - ar bhonn eatramhach freisin. Tá sé ar iasacht ón Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais. Faoi stiúir an Údaráis, tá an bheirt ag obair go dian as lámha a chéile chun an eagraíocht a bhunú, ag aithint riachtanas agus acmhainní agus ag cur pleananna i bhfeidhm chun a chinntiú gur féidir na ról agus na hoibleagáidí a luaitear san Acht um Rialú Seirbhísí Dlí, 2015 a chomhlíonadh. Tá tús curtha anois ag an Údarás leis an bpróiseas a bhaineann le Príomhfheidhmeannach lánaimseartha a earcú, tar éis dóibh deis a bheith acu na riachtanais agus na cumais atá agus a bheidh acu maidir le bainistíocht a aithint.

Tá roinnt spriocdhátaí reachtúla ag an Údarás (idir 6 agus 12 mhí) chun comhairliúcháin phoiblí agus tuarascálacha ar cheisteanna áirithe a thabhairt chun críche. Baineann siad seo le Páirtnéireachtaí Dlí, Cleachtais Ildhisciplíneacha agus srianta áirithe a bheith ar abhcóidí i ndáil le rochtain dhíreach ar ábhair chonspóideacha agus airgead cliant a choinneáil. Tá an chéad sraith tuarascálacha, ceann ar Pháirtnéireachtaí Dlí agus ceann eile ar Chleachtais Ildhisciplíneacha (faoi Alt 118 agus 119 den Act faoi seach), curtha faoi bhráid an Tánaiste agus an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais. Tá tús curtha le comhairliúchán poiblí a bhaineann le habhcóidí (faoi Alt 120 den Acht) freisin. Táthar ag féachaint anois leis na hoibleagáidí reachtúla atá faoi cheangal ama a chomhlíonadh ar dtús, agus ansin dlús a chur le tionscain agus bunú na heagraíochta, áitreabh oiriúnach a fháil, foireann a fháil, dea-bhainistíocht airgeadais a chur i bhfeidhm agus gearáin agus feidhmeanna smachtaithe a

aistriú ón Dlí-Chumann agus ó Chomhairle Bharra na hÉireann. Is spriocanna dúshlánacha iad seo, agus tá an tÚdarás lántiomanta iad a bhaint amach. Tá Baill an Údaráis an-ghafa le mairseacht na bhforbairtí seo.

De réir mar a dhéanfar na buntacaíochtaí feidhmiúcháin a fhorbairt, go háirithe áitreabh agus an bonneagar tacaíochta a fháil, mar aon leis an bhfoireann agus na scileanna a theastaíonn, féadfar feidhmeanna eile an Údaráis a chur i bhfeidhm faoi stiúir bainistíochta agus tosú ar Chodanna agus ar fhorálacha éagsúla an Achta um Rialú Seirbhísí Dlí 2015, faoi mar a bhaineann siad leis an Údarás, a chur i bhfeidhm de réir a chéile. Bíonn dúshlán ag baint le gníomhaireacht nua reachtúil a bhunú i gcónaí, go háirithe ceann a bhfuil sainordú casta, cuimsitheach ag baint leis. I gcás an LSRA, ba mhó fós na dúshláin a bhí ann de bharr gur theastaigh a chruthú go raibh sé neamhspleách agus nár cuireadh struchtúr eagraíochta eatramhaí i bhfeidhm sular ceapadh baill an Údaráis.

Agus an méid sin á thabhairt chun cuimhne, agus toisc go bhfuil an tÚdarás ag cuimhneamh ar a neamhspleáchas, tá sé ag obair le páirtithe leasmhara chun a chinntiú go ndéanfar ceisteanna a aithint, go ndéanfar athruithe a bhainistiú, agus go ndéanfar eagraíocht lánfheidhmiúil den Údarás faoi mar a shamhlaítear sa reachtaíocht, ar bhealach céimnithe, eagraithe agus éifeachtach. Forbróimid an eagraíocht go cúramach chun tabhairt faoi gach céim agus a chinntiú go bhfuil ar ár gcumas a bheith ar leas an phobail agus na ngairmeacha dlí.

Is mian liom buíochas a ghabháil le baill an Údaráis agus leis an Uasal Dempsey agus leis an Uasal Ryan as a dtiomantas an eagraíocht a bhunú ag am deacair. Is mór againn an tacaíocht fhíorthábhachtach a fhaighimid ón Tánaiste agus a cuid oifigeach sa Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais - go háirithe ó thaobh a bheith ag cabhrú linn déileáil le castachtaí na hearcaíochta seirbhíse poiblí agus soláthair. Anuas air sin, táimid buíoch as comhoibriú iontach rialaitheoirí reatha na ngairmeacha dlí, Dlí-Chumann na hÉireann agus Comhairle Bharra na hÉireann.

An Dr Don Thornhill,
Cathaoirleach,
An tÚdarás Rialála Seirbhísí Dlí.



Réamhrá le Renee Dempsey - Príomhfheidhmeannach Eatramhach

Níl aon amhras ach go mbaineann dúshlán le heagraíocht úrnua a chur ar bun ach is mór is fiú an tairbhe an trioblóid toisc an t-ardú croí a thugann sé do dhuine a bheith bainteach le forbairt na heagraíochta sin. Is mór an phribhléid dom a bheith i mo Phríomhfheidhmeannach eatramhach agus déanfaidh mo sheacht dhícheall a chinntiú go mbeidh struchtúr maith ar an Údarás Rialála Seirbhísí Dlí (LSRA) agus go dtabharfar tacaíocht don dea-chleachtas ann.

Faoi stiúir agus faoi mhaoirseacht an Chathaoirligh agus an Údaráis, táim féin agus Rúnaí an Údaráis ag obair ar na sonraí agus na próisis riachtanacha go léir atá i gceist chun bunú na heagraíochta nua seo a thabhairt chun críche.

Is cóiríocht shealadach atá againn faoi láthair, agus tá súil againn go n-aimseoidimid áitreabh buan go pras. Is céim fhíorthábhachtach é seo de bhunú na heagraíochta, agus ó thaobh baill foirne a mhealladh agus a earcú chun riachtanais oibre ár sainchúraim a shásamh. Ach é sin a bheith déanta, forbrófar pleanáil agus soláthar an bhonneagair in éineacht. Tá an feidhmeannach ag obair ar mholtaí atá le breithniú ag an Údarás ina thaobh seo.

Go dtí seo, mar aon le bunú agus ceadú an Údaráis, tá tacaíochtaí tugtha isteach againn le haghaidh seirbhísí airgeadais agus seirbhísí dlí, ag úsáid an chórais phoiblí soláthair a bhunaigh an Rialtas. Cuireann an dream a thugann an tacaíocht seo ardchomhairle agus treoir mhaith ar fáil maidir le dea-bhainistiú a dhéanamh ar ghnóthaí airgeadais an LSRA agus maidir lena chinntiú go bhfuil dea-rialachas i bhfeidhm. Chomh fada agus a bhaineann sé le lucht na seirbhísí dlí, cuireann siad sin treoir fhíorthábhachtach ar fáil maidir leis na spriocdhátaí reachtúla éagsúla atá ag an LSRA agus na haschuir a bhaineann leo, agus cuidíonn siad dul i ngleic le ceisteanna dlí eile a thagann chun cinn agus an eagraíocht á bunú.

Ó bunaíodh é i mí Dheireadh Fómhair 2016, tá an LSRA á bhainistiú agus á stiúradh ag an Údarás agus tá tacaíocht láidir faighte aige ón Roinn Dlí agus Comhionannais. Lena chois sin, tá dea-chaidreamh oibre cothaithe ag an LSRA le Dlí-Chumann na hÉireann, Comhairle Bharra na hÉireann, Óstaí an Rí, agus go leor eile ar suim leo cuspóirí an Údaráis agus a bhfuil baint acu leis na cuspóirí sin iad féin. Is mór againn a gcomhairle agus a dtacaíocht, agus táimid ag súil le bheith ag obair i gcomhar leo de réir mar a dhéanfaimid forbairt.

Is iomaí dúshlán a bhaineann leis an LSRA, idir bheag agus mhór, táimid dóchasach gur féidir dul i ngleic leo agus iad a shárú. Tá sé i gceist ag an Údarás Príomhfheidhmeannach buan a bheith acu a luaithe is féidir, agus táthar sa tóir ar a leithéid de dhuine cheana. Tá sé i gceist agam féin agus ag mo chomhghleacaí, Rúnaí an Údaráis, gur eagraíocht a bhfuil a cuid tiomantas agus oibleagáidí comhlíonta aici a bheidh roimh an bPríomhfheidhmeannach buan; eagraíocht a bhfuil clár agus próisis i bhfeidhm chun tuilleadh forbartha a dhéanamh, go háirithe i ndáil le háitreabh agus foireann, áit a bhfuil bonneagar i bhfeidhm a chuirfidh dlús leis an méid atá déanta ag an Údarás ó bunaíodh é.

Renee Dempsey,

Príomhfheidhmeannach Eatramhach,

An tÚdarás Rialála Seirbhísí Dí.

Cé Sinn Féin

Bhunaigh an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais, Frances Fitzgerald, TD, an tÚdarás Rialála Seirbhísí Dlí (an tÚdarás) an 1 Deireadh Fómhair 2016 de bhua I.R. 507 de 2016 de réir alt 7 den Acht um Rialú Seirbhísí Dlí, 2015. Tháinig baill an Údaráis le chéile an chéad uair an 29 Deireadh Fómhair, 2017, ar phróiseas ainmniúcháin na mball a thabhairt chun críche.

Faoi láthair, is de réir Alt 9 den Acht a ainmnítear Baill an Údaráis, nach bhfuil ach ina thús. Is baill iad a bhfuil eolas agus saineolas acu ar réimsí ar leith – mar shampla, soláthar seirbhísí dlí, iomaíocht, oiliúint agus oideachas dlí, ag déileáil le gearáin in aghaidh ball de ghairmeacha rialáilte, riachtanais tomhaltóirí seirbhísí dlí, cúrsaí gnó agus cúrsaí tráchtála, rialú caighdeán proifisiúnta, ionadaithe ó ghairm an dlí agus ionadaithe leasanna tomhaltóirí agus iomaíochta - agus tá gnáthmhóramh agus gnáth-Chathaoirleach ann. Is iad an Príomhfheidhmeannach Eatramhach agus Rúnaí an Bhoird a dhéanann an fheidhm chomhallach.

Nuair a bheidh sé lánfheidhmiúil in am trátha, rialóidh an tÚdarás soláthar seirbhísí dlí ag cleachtóirí dlí agus cinnteoidh go gcoinneofar agus go bhfeabhsófar caighdeáin maidir le soláthar na seirbhísí sin sa Stát.

Tá an tÚdarás neamhspleách i gcomhlíonadh a fheidhmeanna.

Rachaidh an tÚdarás i mbun a chuid feidhmeanna de réir na gcuspóirí seo a leanas:

- leas an phobail a chosaint agus a chur chun cinn,
- tacú le riaradh cuí, éifeachtach an cheartais,
- leasanna tomhaltóirí a bhaineann le soláthar seirbhísí dlí a chosaint agus a chur chun cinn,
- iomaíocht a chur chun cinn maidir le soláthar seirbhísí dlí sa Stát,
- gairm dlí neamhspleách, láidir agus éifeachtach a chur chun cinn, agus
- Comhlíonadh prionsabal gairmiúil a shonraítear san Acht a chur chun cinn agus a chothabháil.

Le linn don Údarás a bheith ag rialú soláthar seirbhísí dlí ó chleachtóirí dlí, agus a chinntiú go bhfuil caighdeán á choinneáil agus á fheabhsú maidir leis na seirbhísí sin a sholáthar sa Stát, rachaidh an tÚdarás i mbun na bhfeidhmeanna sonracha seo a leanas mar chuid dá ról:

- Athbhreithniú leanúnach agus moltaí a dhéanamh leis an Aire agus eolas a scaipeadh i dtaobh:

- riachtanais iontrála Dhlí-Chumann na hÉireann, Comhairle Bharra na hÉireann agus Óstaí an Rí;
 - teacht ar oideachas agus ar oiliúint agus caighdeán an oideachais agus na hoiliúna sin, lena n-áirítear oiliúint leanúnach sa dá ghairm;
 - polasaithe i dtaobh dul isteach i nDlí-Chumann na hÉireann, Comhairle Bharra na hÉireann agus Óstaí an Rí agus teidlíocht cleachtadh sna hinstiúidí sin;
 - cóid ghairmiúla;
 - soláthar seirbhísí dlí sa Stát a eagrú.
- Cineál agus íosleibhéil árachais slánaíochta gairmiúla a shonrú;
 - Córas cigireachta cleachtóirí dlí a bhunú agus a riar chun críocha an Achta;
 - Gearáin a fháil agus a imscrúdú;
 - Rolla Abhcóidí atá ag Cleachtadh a ngairme a choinneáil;
 - Feasacht phoiblí a chur chun cinn agus eolas a scaipeadh i ndáil le seirbhísí dlí, lena n-áirítear a gcostas;
 - An tAire a choinneáil ar an eolas maidir le forbairtí a bhaineann le soláthar seirbhísí dlí agus moltaí a dhéanamh maidir le polasaithe a chomhordú agus a fhorbairt;
 - Gabháil do thaighde ar sholáthar seirbhísí dlí a d'fhéadfadh feabhas ar na caighdeáin a bhaineann lena soláthar a chur chun cinn, gabháil do thaighde ar fheasacht phoiblí, agus moltaí a dhéanamh leis an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais; agus
 - Aon fheidhmeanna eile a dhéanamh a thugtar leis an Acht nó le rialacháin a dhéantar faoi.

Ó bunaíodh an tÚdarás ag deireadh na bliana 2016, cuireadh cóiríocht oifige ar fáil don Údarás arbh é ba chuspóir léi spás a bheith ar fáil d'fhoireann bheag tionscnaimh chun oibríochtaí a thosú. Cé go bhfuil an tÚdarás nua len é féin a mhaoiniú faoi thobhach reachtúil ar na gairmeacha dlí, ceadaíonn an tOireachtas tacaíocht airgeadais don tionscnamh agus cuirtear ar fáil í trí bhíthin an Vóta Ceartais.

Príomhfhorálacha an Achta

Is iad na príomhluamháin leasaithe atá in Acht 2015 agus a bheidh faoi stiúir an Údaráis nua

-

- **Údarás Rialála Seirbhísí Dlí nua agus neamhspleách** a bheidh freagrach as aturnaetha agus abhcóidí araon a mhaoirsiú.
- **córas neamhspleách gearán** a dhéileálfaidh le mí-iompar sa ghairm dlí. Seo é an chéad áit a mbeidh an pobal in ann gearáin a dhéanamh neamhspleách ar na heagrais ghairmiúla dlí. Lena chois sin, beidh Binse Fiosraithe Smachta do Chleachtóirí Dlí ann chun aon mhí-iompar tromchúiseach a bhreithniú i ndáil le haturnaetha agus abhcóidí araon.
- **réimeas feabhsaithe costas dlí** arna neartú ag sraith Prionsabal a bhaineann le Costais Dlí agus a leagann oibleagáidí níos cuimsithí ar aturnaetha agus ar abhcóidí araon cliaint a choimeád ar an eolas faoi shonraí a gcostas dlí.
- **creat do shamhlacha nua gnó dlí.** Mar chuid de na struchtúir nua ghnó seo, beidh comhairliúchán poiblí i gceist agus deis ann "Páirtnéireachtaí Dlí" a bhunú idir abhcóidí agus aturnaetha nó idir abhcóidí iad féin. Tá foráil ann freisin le haghaidh "Páirtnéireachtaí Dliteanais Theoranta" a thabhairt isteach. Beidh dlíodóirí in ann, de réir an dlí, leas a bhaint as na samhlacha nua gnó dlí agus iad a oibriú mar is mian leo. Ar ndóigh, beidh na cineálacha traidisiúnta den chleachtas dlí fós ar fáil do chleachtóirí agus beidh rogha níos forleithne ag daoine.

Tá foráil in Acht 2015 maidir le "Cleachtais II-Disciplíneacha" a thabhairt isteach de bhun taighde foirmeálta agus comhairliúcháin phoiblí, áit ar féidir le soláthraithe seirbhísí dlí agus neamhdhlí a chur ar fáil ar phraghas níos iomaíche.

Ballraíocht an LSRA



Ó Chlé go Deas: James MacGuill, Dermott Jewell, Gerry Whyte, Eileen Barrington, Geraldine Clarke, David Barnville, an tAire Frances Fitzgerald, an Dr. Don Thornhill (Cathaoirleach), Angela Black, Joan Crawford, Deirdre McHugh, Stephen Fitzpatrick – glacadh an pictiúr seo roimh chéad chruinniú an Údaráis an 26 Deireadh Fómhair 2016.

Déantar foráil san Acht um Rialú Seirbhísí Dlí, 2015 maidir le haon duine dhéag a cheapadh le bheith ina mBaill den Údarás. Ba iad na heagrais ainmniúcháin fhorordaithe a luaitear in Acht 2015 a d'ainmnigh Baill an Údaráis ar dtús. Tá gnáthmhóramh agus gnáth-Chathaoirleach san Údarás. Ba é ba chuspóir leis an bpróiseas ainmniúcháin seo neamhspleáchas an eagrais nua a chinntiú agus cothromaíocht a bhaint amach idir cleachtóirí dlí agus na tomhaltóirí úd a bhaineann leas as a seirbhísí. Seo a leanas na Baill, a cheadaigh an tOireachtas a cheapadh: -

- **David Barnville** - Comhairle Bharra na hÉireann
- **Eileen Barrington** - Óstaí an Rí
- **Angela Black** - An Bord um Fhaisnéis do Shaoránaigh
- **Geraldine Clarke** - Dlí-Chumann na hÉireann
- **Joan Crawford** - An Bord um Chúnaimh Dlíthiúil
- **Stephen Fitzpatrick** - Institiúid na gCuntasóirí Costas Dlí
- **Dermott Jewell** - Cumann Tomhaltóirí na hÉireann
- **James MacGuill** - Dlí-Chumann na hÉireann
- **Deirdre McHugh** - An Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí
- **Don Thornhill (Chair)** - An tÚdarás um Ard-Oideachas
- **Gerry Whyte** - Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas

Seo thíos sa tábla seo téarmaí na gceapachán (arna n-ainmiú faoi Alt 10 den Acht):

Ball den Údarás	Téarma Ceapacháin
David Barniville	3 Bliana
Eileen Barrington	4 Bliana
Angela Black	4 Bliana
Geraldine Clarke	3 Bliana
Joan Crawford	4 Bliana
Stephen Fitzpatrick	3 Bliana
Dermott Jewell	3 Bliana
James MacGuill	4 Bliana
Deirdre McHugh	3 Bliana
Don Thornhill – An Cathaoirleach	4 Bliana (mar a fhoráiltear sa reachtaíocht)
Gerry Whyte	4 Bliana

Príomhghníomhartha sa bhliain 2016

Ag dhá chruinniú a bhí ag an Údarás i mí Dheireadh Fómhair agus i mí na Nollag, ghlac Baill an Údaráis céimeanna áirithe fíorthábhachtacha i bpróiseas tionscnaimh an Údaráis, lena n-áirítear:

- Cinntí áirithe trédhearcacha a ghlacadh a bhaineann le cúrsaí rialachais a fhágfaidh go gcuirfidh an tÚdarás miontuairiscí a chuid cruinnithe Boird ar fad ar fáil don phobal.
- Éascú a dhéanamh ar chur i láthair ó Oifigigh na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais chun neamhspleáchas, cuspóirí, feidhmeanna agus freagracht an Údaráis agus a chuid Ball a shoiléiriú.
- An gá atá ann an reachtaíocht a chur i bhfeidhm chun obair an Údaráis a éascú á aithint ag an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais.
- Tús a chur leis an obair a bhaineann le hiarratasóir oiriúnach a fháil agus a cheapadh mar Phríomhfheidhmeannach buan.
- Bunobair a dhéanamh a éascóidh, in am trátha, aistriú deonach ball foirne ó Dhlí-Chumann na hÉireann agus/nó Comhairle Bharra na hÉireann de réir alt 26 d'Acht 2015.
- Feidhm bainistíochta airgeadais a bhunú, lena n-áirítear úsáid an phróisis soláthair phoiblí (tairiscint phoiblí) chun comhairleoirí atá cáilithe go hoiriúnach agus a bhfuil taithe acu a fháil, agus feidhm nua baincéireachta a bhunú.
- Dul chun cinn maidir le feidhm bainistíochta airgeadais a bhunú, lena n-áirítear úsáid an phróisis soláthair phoiblí (tairiscint phoiblí) chun comhairleoirí atá cáilithe go

hoiriúnach agus a bhfuil taithí acu a fháil. Bhíothas fós i mbun an phróisis seo ag deireadh na bliana 2016.

- Luathriachtanas reachtúil tuairiscithe a aithint agus dul chun cinn orthu, lena n-áirítear:
 - Comhairliúchán Poiblí agus tuairisc ar Pháirtnéireachtaí Dlí faoi alt 118 d'Acht 2015.
 - Buntuirisc agus Comhairliúchán Poiblí ar Pháirtnéireachtaí Il-Disciplíneacha faoi alt 119 d'Acht 2015.
 - Bun-idirchaidreamh leis an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais maidir leis an gComhairliúchán Poiblí a theastaíonn faoi alt 120 d'Acht 2015.

- Spás oifige tionscnaimh a fháil.

- Mar chuid de thosach feidhme Chuid 2 d'Acht 2015, tá cóipeanna dá gcóid ghairmiúla curtha ar fáil ag Dlí-Chumann na hÉireann, Comhairle Bharra na hÉireann agus Óstaí an Rí don Údarás Rialála Seirbhísí Dlí , faoi mar a éilítear faoi alt 23 d'Acht 2015.



An tÚDARÁS RIALÁLA SEIRBHÍSÍ DLÍ

Aibreán 2017